Gaelscoil Faithleann
Uimhir Rolla 19941 I
An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie



# An Cód Iompar

## Réamhrá:

Is Gaelscoil í ár scoil ina bhfuil an éiteas Caitliceach mar chroí lár na scoile. Aithnítear na héagsúlachtaí agus difríochtaí atá idir páistí agus caithfimid meas agus tuiscint ar na h-éagsúlachtaí seo a chothú.

## Cuspóir:

Tá sé mar aidhm ag an gCód Iompair;

- Go raibh féin smacht sna daltaí agus meas a léiriú agus a bheith tuisceannach le cách.
- Go raibh ardchaighdeán smachta sa scoil agus timpeallacht na scoile.
- Go raibh dea smacht i ngach rang ionas gur féidir atmaisféar spreagúil, dearfach foghlamtha.

De réir Alt 23 den Acht Oideachais (Leas) 2000, tá Cód Iompair ullmhaithe ag Bord Bainistíochta **Ghaelscoil Faithleann** agus é curtha ar fáil do Dhaltaí, don Fhoireann agus do Thuismitheoirí.

Sonraíonn an Cód Iompair;

1. Na caighdeáin iompair a chomhlíonfaidh gach dalta atá ag freastal ar an scoil;
2. Cur chuige scoile uile i ndáil le hiompar dearfach a chur chun cinn;
3. Na bearta a tógfar nuair a theipeann ar dhalta nó nuair a dhiúltaíonn dalta cloí leis na caighdeáin sin;
4. Na gnáthaimh le leanúint sula gcuirtear dalta ar fionraí nó ar dhíbirt ón scoil atá i gceist;
5. Na forais le deireadh a chur le fionraíocht a leagadh i leith dalta
6. Beartas Frithbhulaíochta na scoile; agus
7. Na gnáthaimh le leanúint maidir le neamhláithreacht pháiste ón scoil.

# Foirmliú Beartais

I bhfoirmliú an bheartais seo chomhlíon an Bord Bainistíochta na nithe seo a leanas;

A. Cuireadh na Tuismitheoirí agus an Fhoireann ar an eolas go raibh dréacht bhunaidh den Chód Iompair ar fáil agus tugadh cuireadh dóibh aighneachtaí a dhéanamh faoi ábhar an chóid laistigh de thréimhse ama sainithe.
B. Iarradh ar mhúinteoirí ranga ábhar na 'rialacha' a phlé lena gcuid ranganna agus liosta d'aighneachtaí na ndaltaí a chuir faoi bhráid an Phríomhoide.
C. Rinneadh athbhreithniú ar dhréacht bhunaidh an Chóid Iompair agus leasaíodh é i gcomhréir leis an aiseolas a fuarthas de réir mar ba chuí.
D. Cuireadh an dréacht deiridh den bheartas isteach le haghaidh Faomhadh an Phatrúin

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

## AIDHMEANNA & CUSPÓIRÍ AN CHÓID

Is iad seo a leanas aidhmeanna agus cuspóirí an chóid:

- Ligean don scoil feidhmiú i slí ordúil inar féidir le leanaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá gcuid forbartha
- Timpeallacht ómóis, chaoinfhulaingthe agus tuisceana a chruthú do dhaoine eile
- Iompar dearfach agus féin-araíonacht a chur chun cinn, ag aithint na difríochtaí atá ann idir leanaí agus an gá le freastal ar na difríochtaí seo
- Sábháilteacht agus dea-bhail gach ball de phobal na scoile a chinntiú
- Cabhrú le foireann na scoile, le tuismitheoirí agus le daltaí tuiscint a bheith acu ar na córais agus gnáthaimh atá mar chuid den Chód Iompair agus a gcuid comhoibrithe a lorg i dtaobh forfheidhmiú na ngnáthamh seo
- A chinntiú go gcuirtear córas na rialacha, luaíochtaí agus smachtbhannaí i bhfeidhm go cóir agus go comhsheasmhach ar fud na scoile.

## CUR CHUIGE SCOILE UILE

Aithníonn an Bord Bainistíochta an tábhacht a bhaineann le luachanna, beartais, cleachtais agus caidrimh chomhsheasmhacha a chruthú a thacaíonn leis an gCód Iompair. Ní féidir timpeallacht dá leithéid a chruthú ach trína chinntiú go mbeadh pobal uile na scoile páirteach ann agus sa chaoi seo tugann an Bord aitheantas do thábhacht na róil atá ag an bpríomhoide, na múinteoirí, foireann choimhdeach agus tuismitheoirí maidir le hathbhreithniú agus feidhmiú an Chóid.

## CAIGHDEÁIN IOMPAIR

### Daltaí

❖ Iompar Ginearálta

Ní mór do gach dalta:

- a bheith dea-iompartha agus tuiscint a léiriú do pháistí agus do dhaoine fásta eile
- meas a léiriú do mhaoin na scoile, do pháistí eile agus a gcuid giuirléidí féin
- freastal ar scoil ar bhonn rialta agus a bheith in am
- a dhícheall/dícheall a dhéanamh ar scoil agus d'obair bhaile
- Gaeilge a labhairt ar chomh chumas a ranga ar scoil agus le linn gníomhaíochtaí scoile.

❖ Iompar sa Seomra Ranga

Ní mór do gach dalta:

- éisteacht leis an múinteoir agus le daltaí eile má tá siad ag caint

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

- obair go barr a chumais/cumais
- meas a bheith acu ar mhaoin scoile, ar throscáin agus ar ghiuirléidí na ndaltaí eile
- treoir an mhúinteora a leanúint
- cead an mhúinteora a fháil chun an seomra ranga a fhágáil
- meas a léiriú don mhúinteoir, do dhaltaí eile agus do chuairteoirí chuig an seomra ranga
- Gaeilge a labhairt ar chomh chumas a ranga ar bhonn laethúil.

❖ Iompar sa Chlós Súgartha (sna Páirceanna Imeartha)

Ní mór do gach dalta:
- súgradh go sábháilte, ag seachaint aon chluiche nó súgradh garbh nó dainséarach
- treoracha an mhaoirseora (na maoirseoirí) sa chlós súgartha a leanúint
- fanacht ar thailte na scoile i gcónaí
- cead a fháil roimh dul ar ais isteach i bhfoirgneamh na scoile le linn sosa
- meas a léiriú do mhaoirseoir an chlóis agus do dhaltaí eile
- eascaine, troid nó baisteachán a sheachaint
- Gaeilge a labhairt ar chomh chumas a ranga le páistí eile agus le múinteoirí.

❖ Iompar i Limistéir eile na Scoile

Ní mór do gach dalta:
- siúl i bpasáistí na scoile, sna seomraí ranga, i halla na scoile, ar chosáin agus ar dul isteach agus amach ón scoil agus ó thailte na scoile
- fanacht ar thailte na scoile i gcónaí i rith an lae scoile
- clós, seomraí ranga, pasáistí agus foirgneamh na scoile a choimeád glan agus slachtmhar
- rudaí a d'úsáid siad a chur ar ais san áit cheart ar bhonn glan slachtmhar
- cloí le rialacha na scoile mar atá leagtha amach .
- Gaeilge a labhairt ar chomh chumas a ranga le páistí eile agus le múinteoirí.

❖ Iompar le linn Gníomhaíochtaí/Turas Scoile

Ní mór do gach dalta:
- treoracha an mhúinteora a leanúint i gcónaí
- fanacht leis an múinteoir/maoirseoir agus an grúpa daltaí i gcónaí
- iad féin a iompar go béasach le daoine lena mbuaileann siad ar thurais dá leithéid
- cloí le rialacha ginearálta dea-iompair
- Gaeilge a labhairt ar chomh chumas a ranga

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

- a gcuid bruscair féin s.rl. ar bhusanna, ag nithe is díol spéise do chuairteoirí s.rl. a ghlanadh suas.

## An Fhoireann Scoile

- Tá sé mar fhreagracht ag an bPríomhoide a chinntiú go ndéantar Cód Iompair na scoile a riaradh ar bhealach atá comhsheasmhach agus cóir do gach dalta. Mar sin féin, tá sé de dhualgas ar gach ball fóirne smacht a choimeád laistigh de limistéir choiteanna na scoile.
- Tá an fhoireann teagaisc freagrach go háirithe as iompar a bhainistiú laistigh dá rang féin. Déanfaidh siad na nithe seo a leanas:
- An Cód Iompair a phlé lena rang i slí a oireann d'aois an ranga ag tús na scoilbhliana.
- Cinnteofar go mbíonn na rialacha á dtaispeáint sa seomra ranga i slí a oireann d'aois an ranga.
- Spreagfar féin-araíonacht agus iompar dearfach.
- Cinnteofar go bhfuil leibhéal maoirseachta cuí ar fáil i gcónaí.
- Feidhmeofar an scéim luaíochtaí/smachtbhannaí ar bhonn cóir agus comhsheasmhach.
- Coimeádfar taifead scríofa de gach teagmhas mí-iompair leanúnach, díobhálach nó tromchúiseach. Léireoidh an taifead seo an chomhairle agus/nó na rabhaidh a tugadh don pháiste i leith an mhí-iompair agus na hiarmhairtí a fheicfear má dhéanfar arís é. Tabharfar fógra do thuismitheoirí nuair a bheidh a leithéid ag tarlú.
- Cuirfear daltaí ar an eolas nuair atá cásanna mí-iompair fúthu á dtaifeadadh.
- Cuirfear cásanna mí-iompair tromchúiseach leanúnacha in iúl don Phríomhoide.
- Cinnteofar go labhraíonn na páistí faoina gcúram Gaeilge go leibhéal cumais an ranga.
- Cuirfear Cód Iompair na scoile i bhfeidhm go hiomlán.

## Tuismitheoirí/Caomhnóirí

- Tá ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le meonta a mhúnlú ina gcuid páistí as a dtagann iompar dearfach chun cinn ar scoil. Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí cabhrú leis an scoil trína bpáistí a spreagadh cloí le rialacha na scoile, poncúlacht agus tinreamh reatha a spreagadh agus trína chinntiú go gcuirtear a dhóthain ama agus iarrachta i leataoibh d'obair bhaile.
- Má tá tuismitheoir/caomhnóir buartha faoi aon ghné d'iompar a linbh tá fáilte rompu coinne a dhéanamh chun a gcuid cúraimí a phlé. I gcás patrún mí-iompair aitheanta tabharfar cuireadh do thuismitheoirí páirt a ghlacadh sa phróiseas idirghabhála.

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

# IOMPAR DEARFACH A CHUR CHUN CINN

De ghnáth déanfaidh an scoil tréaniarracht timpeallacht a chruthú ina ndéantar iompar dearfach a atreisiú le moladh agus luaíocht. Úsáidfidh foireann na scoile caint spreagúil, sa seomra ranga agus ar fud na scoile araon, i dtreo is go n-aithnítear iompar dearfach láithreach agus go ndéantar é a chúiteamh go dearfach. Tabharfar aird speisialta do dhaltaí a bhfuil aithne orthu cheana le haghaidh droch-iompar i dtreo is nach n-aithnítear dea-iompar amháin ach go dtugtar aitheantas d'iompar feabhsaithe chomh maith.

Bainfear úsáid as scéim luaíochta chun iompar dearfach a chur chun cinn. I measc luaíochtaí dá leithéid beidh;

- Nótaí 'Comhghairdis' agus 'Dea-Scéala' á gcur chuig tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) i gcóipleabhair obair bhaile agus dialanna .
- Litreacha pearsantaithe chuig tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) sa dialann obair bhaile
- Pribhléidí speisialta tugtha do ranganna as ucht dea-iompar.
- Fógra béil á thabhairt do thuismitheoirí faoin dea-iompar.
- Oícheanta saor ó obair bhaile agus dearbháin.
- Greamáin/Sticéiri dea-iompair a úsáid.
- Corn na Gaeilge/Réalt na seachtaine
- Páistí a moladh sa rang, ag an tionóil gach coícíos sa Halla scoile.

# IOMPAR MÍCHUÍ

Le comhthuiscint agus freagra comhsheasmhach a bhunú, ***déantar mí-iompar a rangú i dtrí leibhéal sa Chód Iompair de réir an méid a chuireann an mí-iompar úd*** isteach ar an scoil. Sainítear sa Chód chomh maith na gníomhaíochtaí araíonachta agus na hidirghabhálacha tacaíochta a úsáidfear.

## Leibhéal a hAon

Is iad iompair Leibhéal 1 na hiompair siúd a chuireann isteach ar thimpeallacht foghlama ordúil na scoile, seomra ranga agus limistéir choiteanna. Foghlaimíonn daltaí óna mbotúin. Sa chaoi seo, beidh freagraí ar iompair laethúla a tharlaíonn ar scoil oiriúnach ó thaobh forbartha de, inchiallaithe agus dearfach. Múinfear na nithe a bheifear ag súil go gcomhlíonfadh na páistí agus conas ar chóir dóibh iad féin a iompar. Sa liosta thíos tá roinnt samplaí de na cineálacha Iompair a áirítear i Leibhéal 1. Tabhair faoi deara le do thoil nach liosta uileghabhálach é seo.

- Má theipeann ar dhalta ullmhú le haghaidh ranga, de réir sainmhíniú na múinteoirí aonair.
- Bheith déanach ar scoil go rialta.
- Bheith ag rith sna pasáistí nó i limistéir eile na scoile.

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

- Cur isteach ar obair nó súgradh na ndaltaí eile, m.sh. bheith ag feadaíl, ag crónán i seomraí ranga, ag siúl mórthimpeall na seomraí ranga gan cead nó caint as seal sna seomraí ranga.
- Caint, tuin nó iompar mí-ómósach a úsáid.
- Ag tabhairt neamhaird ar iarratais na foirne.
- Gan Gaeilge a labhairt ar chumas a ranga.
- Fóin póca a úsáid ar scoil mura bhfuil cúis go mbeadh fón póca ag páiste.
- Ag scríobh ar throscán scoile le pinn, marcóirí, tipp-ex s.rl.
- Ag siúl ar bhallaí na scoile, ar cheapaí bláthanna s.rl.
- Tipp-ex a thabhairt ar scoil.
- Páistí eile a dhingeadh, a shá nó a bhuaileadh.
- Ag caitheamh seile ar an talamh.
- Má theipeann orthu a gcótaí a chrochadh suas, binsí a choimeád glan agus má theipeann orthu málaí scoile a chur faoin mbord.
- Bréagáin a thabhairt ar scoil gan cead ón múinteoir ranga.
- Bheith ag rothaíocht ar thailte na scoile mura eagraíodh ceardlanna nó ceachtanna rothaíochta.
- Smidiú a chaitheamh.
- Madraí, cait nó ainmhithe eile a thabhairt ar scoil gan cead ón múinteoir nó ón bpríomhoide.
- Cluichí dainséaracha a imirt ar nós traenacha, bulldog, capaill agus marcaigh, s.rl. ar thailte na scoile.
- Gan seasamh sa líne ag deireadh sosanna agus ar maidin.
- Gan éide scoile a chaitheamh.
- Ag úsáid páirc imeartha na scoile gan cead i rith sosanna.
- Bheith sa chlós scoile mícheart i rith sosanna mura bhfuil cead ag an bpáiste a bheith sa chlós eile.
- Bheith i seomraí ranga gan cead ón múinteoir i rith sosanna.
- Seodra aghaidhe a chaitheamh, m.sh. stoda sróine, stoda malaí s.rl. Tá cead ag cailíní aon stoda amháin a chaitheamh i ngach cluas, agus cead ag buachaillí stoda cluaise a chaitheamh i gcluas amháin le cead na dtuismitheoirí.
- Guma coganta a chogaint nó a thabhairt ar scoil.
- Brioscaí barraí, seacláid s.rl. a bheith acu le haghaidh lóin de réir polasaí cothúcháin na scoile.
- Slabhraí, muincí móra s.rl. a chaitheamh.

## Leibhéal 1: Gníomhaíochtaí Araíonachta

Braitheann na hiarmhairtí d'iompar Leibhéal 1 ar dhéine agus minicíocht an iompair ar leith. Smachtóidh múinteoirí na daltaí ag Leibhéal 1. Is iad seo a leanas roinnt samplaí d'fhreagraí Leibhéal 1:

- Íde béil/meabhrúcháin bhéil.

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

- Réasúnaíocht leis an bpáiste ag míniú cén fáth nach gceadaítear an iompar úd.
- Comhairle a thabhairt faoi iompar dearfach de chineál eile agus é a athreisiú.
- Deighilt sealadach ó dhaltaí comhchéime, cairde nó daltaí eile.
- Obair bhreise a thabhairt a rachaidh chun leasa an pháiste.
- Pribhléidí a chailliúint, m.sh. gan cead súgradh ar an bhféar ag am sosa.
- Coimeádta istigh i rith an tsosa.
- Rachaidh an múinteoir ranga nó an príomhoide i dteagmháil leis an tuismitheoir.
- Conradh iompair.

## Leibhéal 1: Idirghabhálacha Tacaíochta

Sa liosta thíos tá roinnt samplaí d'idirghabhálacha tacaíochta ag Leibhéal 1:

- Idirghabhálacha bunaithe sa seomra ranga, ar nós Ciorcal Oscailte nó cruinnithe ranga, le rogha ar chomhairliúchán neamhfhoirmiúil, (m.sh. le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) nó le baill foirne).
- Iompar a phlé leis an bpáiste i dtreo is go dtuigfí cén fáth go bhfuil mí-iompar ag tarlú.
- Nótaí neamhfhoirmiúla maidir leis an teagmhas/idirghabháil/dáta. Bheadh an t-eolas seo úsáideach má leanann an fhadhb ar aghaidh.
- Míniú do na páistí cén fáth go bhfuil rialacha ann.
- Rialacha a phlé le linn tionóil.

## Leibhéal a Dó

Is ionann iompair ag Leibhéal 2 agus na hiompair sin a chuireann isteach go mór ar thimpeallacht ordúil na scoile agus a d'fhéadfadh sábháilteacht nó dea-bhail na ndaltaí agus na foirne a chur i mbaol. Sa liosta thíos tá roinnt samplaí de na cineálacha iompair a áirítear i Leibhéal 2. Tabhair faoi deara le do thoil nach liosta uileghabhálach é.

- Cásanna leantach d'iompar Leibhéal 1 nach ceartaíodh le hidirghabháil.
- Iompar de bhun tola atá dainséarach dóibh féin nó do dhaoine eile (m.sh. dingeadh, buaileadh).
- Clocha s.rl. a chaitheamh le daoine eile.
- Ag caitheamh seile ar dhaoine eile.
- Díobháil a dhéanamh do mhaoin scoile nó do mhaoin phearsanta d'aon ghnó.
- Goid.
- Caimiléireacht.
- Ceamthaifeadáin a úsáid ar scoil chun físeán de dhaoine eile a dhéanamh gan cead.
- Drochtheanga a úsáid.

- Tagairt dímheasúil a dhéanamh do chine, inscne, creideamh, cuma fisiceach, míchumas, nó bunús eitneach dhuine eile.
- Caint nó iompar mí-ómósach do dhuine fásta.
- Bréagáin nó trealamh spóirt dainséarach a úsáid nó a bheith i seilbh dalta (m.sh. bogha is saigheada, aon chineál scian, s.rl.).
- Litreacha slabhrach a thabhairt isteach sa scoil.
- Idirlín na scoile a úsáid gan cead ón múinteoir.
- Aláram dóiteáin na scoile a shéideadh go toiliúil.
- Cuir isteach go toiliúil ar dhífhibrileoir na scoile.

## Leibhéal 2: Gníomhaíochtaí Araíonachta

Braitheann araíonacht na ndaltaí d'iompar Leibhéal 2 ar dhéine agus minicíocht an iompair ar leith agus ar leibhéil chuí ó thaobh forbartha de. Déanann an Príomhoide gníomhaíochtaí araíonachta ag Leibhéal 2 a riar, agus áirítear ann fógra foirmiúil scríofa a thabhairt do thuismitheoirí. Is iad seo a leanas roinnt samplaí d'fhreagraí Leibhéal 2:

- Coimeádta istigh i rith sosanna, páistí suite lasmuigh de dhoras an Phríomhoide
- Cruinniú idir thuismitheoir(í)/caomhnóir(í) agus an múinteoir agus/nó an príomhoide.
- Tuarascáil curtha faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta más gá ag an gcéim seo agus ag brath ar dhéine an iompair.
- Curtha ar fionraí ón scoil ar feadh idir lá amháin agus cúig lá, ag brath ar dhéine an iompair.
- Plean Bainistíochta Iompair fhairsing a chur i bhfeidhm.

## Leibhéal 2: Idirghabhálacha Tacaíochta

Sa liosta thíos tá roinnt samplaí d'idirghabhálacha tacaíochta Leibhéal 2:

- Comhdháil foirne leis an múinteoir ranga, baill foirne eile atá bainteach, tuismitheoirí nó caomhnóirí, Príomhoide Tánaisteach nó an Príomhoide féin.
- Cúnamh a iarraidh ó ghníomhaireachtaí seachtracha ar nós an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Seirbhísí Pobail Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta, Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, an N.C.S.E
- Páiste a léiríonn fadhbanna iompraíochta a tharchur le haghaidh measúnaithe síceolaíochta (le cead ó thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í)).

## Leibhéal a Trí

Is ionann iompair Leibhéal 3 agus na sáruithe is tromchúisí. Cuireann na hiompair seo sláinte, sábháilteacht agus dea-bhail láithreach na ndaltaí agus fhoireann na scoile i mbaol. Is ionann iad agus bagairt díreach ar fheidhmiú ordúil de thimpeallacht na scoile. I gcásanna ina bhfuil gníomhaíocht mídhleathach san áireamh, d'fhéadfaí dul i dteagmháil leis na Garda

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

Síochána tar éis dul i dteagmháil le tuismitheoirí. Sa liosta thíos tá roinnt samplaí de na cineálacha iompair a áirítear i Leibhéal 3. Tabhair faoi deara le do thoil nach liosta uileghabhálach é seo.

- Cásanna leantach nó tromchúiseach d'iompar Leibhéal 2 nach ceartaíodh le hidirghabháil.
- Tinte a lasadh.
- Úsáid nó seilbh toiliúil arm.
- Tobac a chaitheamh ar scoil nó ar thuras scoile.
- Tuaslagóirí nó drugaí a úsáid ar scoil nó ar thuras scoile.
- Drugaí, alcól nó toitíní i seilbh dalta ar scoil nó ar thuras scoile.
- Deochanna alcóil a ól ar scoil nó ar thuras scoile.
- Troid foréigneach nó díobháil fisiceach a dhéanamh go toiliúil do dhaoine eile.
- Gníomhaíochtaí nó gnímh leatromach nó dochrach a dhéanamh do dhuine éigin eile nó grúpa eile le baint ag cine, inscne, creideamh, cuma fisiceach, míchumas, nó bunús eitneach.

## Leibhéal 3: Gníomhaíochtaí Araíonachta

D'fhéadfadh fionraí ón scoil a bheith i gceist le hiompar ag Leibhéal 3. Braithfidh fad na fionraíochta ar dhéine agus minicíocht an iompair ar leith. Tá eolas sainiúil faoin bpróiseas agus na gnáthaimh chuí maidir le fionraí a leagadh le fáil sa cháipéis seo. Is iad seo freagraí Leibhéal 3

**Ar fionraí ón scoil ar feadh lá amháin go cúig lá:**

- Tarlóidh an fhreagairt seo don chéad teagmhais d'iompar Leibhéal 3 nó iompar Leibhéal 2 atá fíordhian. Is féidir leis an bPríomhoide, tar éis próisis agus gnáthaimh chuí a leanúint, dalta a chur ar fionraí.

**Ar fionraí ón scoil ar feadh cúig lá go deich lá:**

- Tarlóidh an fhreagairt seo nuair a tharlaíonn iompar Leibhéal 3 don chéad uair nó iompar Leibhéal 2 atá fíordhian. Ní eiseofar fionraí den mhéid seo ach le faomhadh ón mBord Bainistíochta.

**Díbirt**

- Má tharlaíonn teagmhais leantach d'iompar Leibhéal 3 d'fhéadfaí dalta a dhíbirt mar thoradh.

# Gnáthaimh i leith Fionraí & Díbeartha

## Fionraí

Sainmhíniú d'Fhionraí:

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

'é a cheangal ar an mac léinn a bheith as láthair ón scoil ar feadh tréimhse shonraithe theoranta de laethanta scoile.'(Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna, an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais )

**Údarás i leith Fionraí:**

- Tá an t-údarás i leith '***Fionraí Láithreach'*** a leagadh tiomnaithe go foirmiúil agus i scríbhinn ag Bord Bainistíochta ***Ghaelscoil Faithleann*** ar an bPríomhoide. D'fhéadfadh 'Fionraí Láithreach' a bheith ar feadh aon lá amháin go trí lá scoile ag brath ar dhéine an iompair ar leith, i gcúinsí eisceachtúla agus le faomhadh ó Chathaoirleach an Bhoird, d'fhéadfadh an fionraí bheith ar feadh tréimhse níos faide ach i gcás ar bith ***ní bheidh sé níos faide ná 5 lá scoile.***
- Ina theannta sin, tá an t-údarás i leith '***Fionraí Uathoibríoch'*** a leagadh i ndáil le hiompar ainmnithe a imlíníodh sa bheartas seo tiomnaithe go foirmiúil agus i scríbhinn ag an mBord Bainistíochta ar an bPríomhoide. D'fhéadfadh Fionraí Uathoibríoch a bheith ar feadh aon lá amháin go trí lá scoile ag brath ar dhéine an iompair ar leith, i gcúinsí eisceachtúla agus le faomhadh ó Chathaoirleach an Bhoird, d'fhéadfadh an fionraí bheith ar feadh tréimhse níos faide ach i gcás ar bith ní bheidh sé níos faide ná 5 lá scoile.
- Tá sé fós d'údarás ag an mBord dalta a chur ar fionraí i ngach cás/cúinse eile.

**Fionraí Láithreach agus Fionraí Uathoibríoch**

- Beidh gá le ***'Fionraí Láithreach'*** nuair a dhéanann an Príomhoide cinneadh, tar éis réamh-fhiosrúchán, go mbeadh láithreacht leanúnach an dalta sa scoil ag an am sin mar bhagairt tromchúiseach do shábháilteacht agus dea-bhail daltaí nó foireann na scoile. D'fhéadfadh 'Fionraí Láithreach' a bheith ar feadh aon lá amháin go trí lá scoile ag brath ar dhéine an iompair ar leith, i gcúinsí eisceachtúla agus le faomhadh ó Chathaoirleach an Bhoird, d'fhéadfadh an fionraí a bheith ar feadh tréimhse níos faide ach i gcás ar bith ní bheidh sé níos faide ná 5 lá scoile.
- Is ionann ***'Fionraí Uathoibríoch'*** agus fionraí a leagtar le haghaidh iompair ainmnithe. Tá sé dearbhaithe ag Bord Bainistíochta ***Ghaelscoil Faithleann*** tar éis dó aird chuí a thabhairt dá dhualgas cúraim mar a sainíodh ag Reachtaíocht Sláinte & Sábháilteachta, go dtarlóidh 'Fionraí Uathoibríoch' mar smachtbhanna ar na hiompair ainmnithe seo a leanas;
- Ionsaí/foréigean fisiceach as a dtagann díobháil chorpartha do dhalta nó do bhall foirne

nó

- Foréigean fisiceach as a dtarlaíonn díobháil tromchúiseach do mhaoin scoile mar thoradh

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

- D'fhéadfadh Fionraí Uathoibríoch a bheith ar feadh aon lá amháin go trí lá scoile ag brath ar dhéine an iompair ar leith, i gcúinsí eisceachtúla agus le faomhadh ó Chathaoirleach an Bhoird, d'fhéadfadh an fionraí bheith ar feadh tréimhse níos faide ach i gcás ar bith ní bheidh sé níos faide ná 5 lá scoile.
- Cuirfear Tuismitheoir(í)/Caomhnóir(í) ar an eolas faoi Fionraí Láithreach nó Uathoibríoch le glaoch gutháin, agus socrófar leo go mbaileofaí an dalta. Ní chuirfear daltaí abhaile ón scoil ar chor ar bith gan fógra dá leithéid á thabhairt dá dtuismitheoir(í)/gcaomhnóir(í). Eiseofar fógra scríofa den fhionraí i dtráth cuí, ach ní níos déanaí ná ***2 lá scoile*** i ndiaidh leagan na fionraí. Is éard a bheith i bhfógra dá leithéid ná:
- fad na fionraí agus na dátaí ar a dtosóidh agus ar a gcríochnóidh an fionraí
- na cúiseanna leis an bhfionraí
- aon chlár staidéir atá le comhlíonadh
- socruithe um fhilleadh ar scoil, lena n-áirítear aon tiomantas le bheith geallta ag an dalta agus ag tuismitheoir(í)/caomhnóir(í).
- Aithníonn an Bord Bainistíochta nach mbainfear an dualgas chun próiseas cuí agus gnáthaimh chóir a leanúint toisc go socraítear Fionraí Láithreach nó Uathoibríoch a leagadh. Sa chaoi seo, agus tar éis fiosrúcháin foirmiúil, le bheith comhlíonta ***ní níos déanaí ná 2 lá scoile*** i ndiaidh an teagmhais, tabharfaidh an Bord cuireadh don dalta agus a thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) nó a tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) plé a dhéanamh ar na nithe seo;
- na cúinsí mórthimpeall ar an bhfionraí,
- idirghabhálacha chun a leithéid de mhí-iompar a chosc ó tarlú arís
- Aithníonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil Faithleann an tábhacht bhunúsach a bhaineann le neamhchlaontacht sa phróiseas fiosrúcháin. Sa chaoi seo tugtar an gealltanas seo a leanas;
    - Ní bheidh aon duine a bhfuil suim dílsithe nó baint pearsanta acu san ábhar páirteach in eagrú nó i bhforfheidhmiú an ghnáthaimh fhiosrúcháin.

**<u>Gnáthaimh i leith Fionraí Eile:</u>**

I gcásanna eile seachas Fionraí Láithreach nó Uathoibríoch beidh na gnáthaimh seo a leanas i bhfeidhm; Nuair a dheimhnítear le réamh-mheasúnú go bhféadfaí fionraí a leagadh don mhí-iompar, cuirfidh Bord Bainistíochta ***Ghaelscoil Faithleann*** tús le fiosrúchán foirmiúil ar an ábhar.

Comhlíonfar na gnáthaimh seo a leanas;

- Seolfar litir scríofa ina mbeidh an t-eolas seo a leanas chuig Tuismitheoir(í)/Caomhnóir(í);

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

- sonraí an mhí-iompair líomhanta, sonraí an phróisis fhiosrúcháin atá ag teacht chun cinn, agus fógra le rá go bhféadfadh fionraí tarlú de bharr an líomhain.
- Cuireadh chuig cruinniú, le bheith sceidealta ***ní níos déanaí ná 5 lá scoile*** ó dháta na litreach, ina dtugtar deis do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) freagairt sula ndéantar cinneadh nó sula leagtar smachtbhanna.
- Aithníonn Bord Bainistíochta ***Ghaelscoil Faithleann*** an tábhacht bhunúsach a bhaineann le neamhchlaontacht sa phróiseas fiosrúcháin agus cinnteoireachta. Sa chaoi seo tugtar na gealltanais seo a leanas;
  i. Ní bheidh ag aon duine a bhfuil suim dílsithe nó baint phearsanta acu san ábhar páirteach in eagrú nó i bhforfheidhmiú an ghnáthaimh fhiosrúcháin, agus ní bheidh baint ag duine dá leithéid sa phróiseas cinnteoireachta.
  ii. Ní bheidh an duine (na daoine) a bhí bainteach sa phróiseas fiosrúcháin, tar éis dóibh tuarascáil iomlán a chomhlíonadh faoi fhíricí an cháis, i láthair don phróiseas cinnteoireachta.

Nuair a bheartaítear fionraí a leagadh tabharfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta fógra scríofa den chinneadh do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) agus don dalta. Deimhneoidh an litir:

- fad na fionraí agus na dátaí ar a dtosóidh agus ar a gcríochnóidh sí
- na cúiseanna leis an bhfionraí
- aon chlár staidéir le comhlíonadh
- na socruithe um fhilleadh ar scoil, lena n-áirítear aon tiomantas le bheith geallta ag an dalta agus ag tuismitheoir(í)/caomhnóir(í)
- foráil le haghaidh achomhairc leis an mBord Bainistíochta.

Más ionann líon iomlán na laethanta a raibh dalta ar leith ar fionraí sa bhliain scoile reatha agus fiche lá de bharr na fionraí seo, cuirfear tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) ar an eolas faoina gceart achomharc a dhéanamh le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 agus tabharfar eolas dóibh faoi conas achomharc dá leithéid a dhéanamh

## Díbirt

Sainmhíniú ar Dhíbirt:

- 'Díbrítear mac léinn as scoil nuair a dhéanann Bord Bainistíochta cinneadh an mac léinn sin a eisiamh go buan ón scoil, tar éis don Bhord forálacha alt 24 den Acht Oideachais (Leas) 2000, a chomhlíonadh.( Cód Iompar a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna, an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais)

**Údarás chun dalta a Dhíbirt**

Tá an t-údarás chun dalta a dhíbirt ón scoil ar fhorchoimeád ag an mBord Bainistíochta.

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

**Gnáthaimh i leith Díbeartha:**

Is iad seo a leanas na gnáthaimh a bheidh i bhfeidhm má dheimhníonn réamh-mheasúnú ar an gcás mí-iompar tromchúiseach a iarrfadh go ndéanfaí an dalta a dhíbirt:

- Déanfar mion-fhiosrúchán faoi threoir an Phríomhoide (nó Ainmní an Bhoird más gá)
- Mar chuid den fhiosrúchán, eiseofar litir scríofa chuig tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) an dalta ina mbeidh an t-eolas seo a leanas;
    - sonraí an mhí-iompair líomhanta, sonraí an phróisis fhiosrúcháin atá ag teacht chun cinn, agus fógra le rá go bhfuil seans go dtarlódh díbirt de bharr an líomhain.
    - Cuireadh chuig cruinniú, le bheith sceidealta **ní níos déanaí ná 5 lá scoile** ó dháta na litreach, ina dtugtar deis do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) freagairt.
- Déanfaidh an Príomhoide (nó Ainmní an Bhoird Bhainistíochta) moladh don Bhord Bainistíochta
    - Nuair atá an Príomhoide (nó ainmní) den tuairim, bunaithe ar an bhfiosrúchán den mhí-iompar líomhanta, gur seans go mbeadh díbirt de dhíth, molann an Príomhoide (nó ainmní) don Bhord Bainistíochta aird a thabhairt ar dhíbirt.
    - Sa chás seo tabharfaidh an Príomhoide (nó ainmní) faoi:
        i. fógra a thabhairt do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) ag léiriú gur iarradh ar an mBord Bainistíochta smaoineamh ar dhíbirt
        ii. a chinntiú go bhfuil taifid ag tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) de: na líomhaintí i gcoinne an dalta; an fiosrúchán; agus fógra scríofa d'fhoras an díbeartha a tugadh don Bhord Bainistíochta
        iii. na taifid chuimsitheacha céanna a dtugtar do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) a sholáthar don Bhord Bainistíochta

- Moltaí an Phríomhoide (nó Ainmní an Bhoird Bhainistíochta) á mbreithniú ag an mBord Bainistíochta & Éisteacht a Reáchtáil
    - Má bheartaíonn an Bord Bainistíochta, tar éis breithniú ar thuarascáil an Phríomhoide, smaoineamh ar dhalta a dhíbirt eagrófar éisteacht.
    - Tabharfar fógra scríofa do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í)
        i. faoi dáta, láthair agus am na héisteachta
        ii. faoin gceart atá acu aighneacht scríofa agus béil a dhéanamh don Bhord Bainistíochta
        iii. gur féidir le duine éigin a bheith i dteannta leo ag an éisteacht más maith leo

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

- ❖ Geallann an Bord Bainistíochta go mbeidh a dhóthain ama ag tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) ullmhú don éisteacht ón am a fhaigheann siad a leithéid d'fhógra scríofa.
- ❖ Maidir leis an éisteacht díbeartha geallann an Bord;
  - i. go reáchtálfar an cruinniú i gceart i gcomhréir le gnáthaimh an Bhoird
  - ii. go gcuirfidh an príomhoide (nó ainmní an Bhoird Bainistíochta) agus tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) a gcás ós comhair an Bhoird i láthair a chéile
  - iii. go mbeidh an deis ag ceachtar páirtí fianaise an pháirtí eile a cheistiú go díreach
  - iv. gur féidir le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) iarratas a dhéanamh ar smachtbhanna níos lú más maith leo

❖ Breithniúcháin agus Gníomhaíochtaí an Bhoird Bainistíochta tar éis na hÉisteachta

- Nuair atá an Bord Bainistíochta, tar éis dó breithniú ar fhíricí uile an cháis, den tuairim gur cheart an dalta a dhíbirt, is é a dhéanfaidh an Bord ná
  - i. Tabharfaidh sé fógra scríofa dá tuairim, agus na cúiseanna don tuairim seo, don Oifigeach Leasa Oideachais trí mheán post cláraithe.
  - ii. **Ní dhéanfaidh sé an dalta a dhíbirt roimh thréimhse 20 lá scoile** ón dáta a fhaigheann an Oifigeach Leasa Oideachais an fhógra scríofa seo.
  - iii. Cuirfidh sé a chinneadh in iúl ar phár do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) agus inseofar dóibh go mbeifear i dteagmháil leis an Oifigeach Leasa Oideachais.
  - iv. Beidh sé á ionadú ag an gcomhairliúchán atá le heagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais.
  - v. Déanfaidh sé an dalta a dhíbirt, má cheaptar gur dóchúil go gcuirfidh láithreacht an dalta i rith na tréimhse seo isteach go mór ar fhoghlaim dhaltaí eile, nó gurb ionann é agus bagairt do shábháilteacht dhaltaí eile nó baill foirne.

❖ Deimhniú an Chinnidh chun Díbeartha

- Nuair atá **tréimhse fiche lá** ónar tugadh fógra don Oifigeach Leasa Oideachais slánaithe,
- agus nuair atá an Bord Bainistíochta fós den tuairim gur cheart an dalta a dhíbirt, deimhneoidh
- an Bord Bainistíochta an cinneadh chun díbeartha go foirmiúil.

- Tabharfar fógra scríofa do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) go leanfaidh an díbirt ar aghaidh anois. Cuirfear in iúl dóibh chomh maith faoina gceart achomharc a dhéanamh d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta faoi Alt 29 den Acht

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

Oideachais 1998 agus tabharfar eolas dóibh faoi conas achomharc dá leithéid a dhéanamh

Aithníonn Bord Bainistíochta ***Ghaelscoil Faithleann*** an tábhacht bhunúsach a bhaineann le neamhchlaontacht sa phróiseas fiosrúcháin agus cinnteoireachta. Sa chaoi seo tugtar na gealltanais seo a leanas;

i. Ní bheidh aon duine a bhfuil suim dílsithe nó baint pearsanta acu san ábhar páirteach in eagrú nó i bhforfheidhmiú an ghnáthaimh fhiosrúcháin, agus ní bheidh baint ag duine dá leithéid sa phróiseas cinnteoireachta.
ii. Ní bheidh an duine (na daoine) a bheidh bainteach sa phróiseas fiosrúcháin, tar éis dóibh tuarascáil iomlán a chomhlíonadh faoi fhíricí an cháis, i láthair don phróiseas cinnteoireachta.

# BEARTAS FRITHBHULAÍOCHTA

## Réamhrá:

Is í an aidhm atá ag Beartas Frithbhulaíochta **Ghaelscoil Faithleann** ná;

- Feasacht faoi bhulaíocht mar chineál iompair dho-ghlactha a ardú i measc lucht bainistíochta na scoile, múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Cur chun cinn a dhéanamh ar mheon na scoile a spreagann páistí chun teagmhais iompair bhulaíochta a nochtadh agus a phlé.
- Maoirsiú cuí agus bearta monatóireachta a chinntiú trína gcoimeádtar gach cuid de ghníomhaíocht scoile faoi bhreathnóireacht.
- Gnáthaimh a fhorbairt um thaifead, imscrúdú agus déileáil le teagmhais iompair bhulaíochta.
- Clár tacaíochta a fheidhmiú dóibh siúd a mbíonn faoi thionchar iompair bhulaíochta agus dóibh siúd atá bainteach in iompar bulaíochta.
- Oibriú le gníomhaireachtaí cuí chun dul i gcoinne gach cineál bulaíochta agus iompar frithbhulaíochta a chur chun cinn

**Ráiteas ar Bhulaíocht:**

- Tá teideal measa agus saoirse ó aon chineál bulaíochta ag gach duine sa Scoil.
- Oibreoidh an Scoil go réamhghníomhach, chomh fada agus is féidir, lena chinntiú nach mbíonn bulaíocht ar siúl.
- Is iompar freagrach é teagmhais bhulaíochta a thuairisciú.
- Coimeádfar taifead de na teagmhais bhulaíochta go léir a tuairiscítear.
- Déileálfar go trom leis an ábhar seo.
- Tá clár tacaíochta ag an Scoil don bhulaí agus don té a ndéantar bulaíocht air/uirthi araon.
- Glacfar leis na bearta cuí le cinntiú nach leanann sé ar aghaidh.



An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

**Sainmhíniú:**

*Is ionann bulaíocht agus iompar míchuí* ***leantach,*** *bíodh sé ó bhéal nó fisiceach nó ar líne nó a leithéid eile, go díreach nó go hindíreach, á dhéanamh ag duine amháin nó níos mó ná duine amháin, i gcoinne duine nó daoine eile ag déanamh dochar do cheart an duine aonair ar dhínit phearsanta.*

**Cineálacha iompair a meastar atá míchuí:**

- Uirísliú; lena n-áirítear baisteachán, tagairt do chumas acadúil s.rl.
- Imeaglú; lena n-áirítear comharthaíocht choirp ionsaitheach a úsáid.
- Maslaí béil, ar bhonn anaithnid nó ar shlí eile.
- Mí-úsáid chorpartha nó mí-úsáid faoi bhagairt.
- Caint ionsaitheach nó graosta.
- Scéal grinn ionsaitheach; ar bhonn labhartha nó trí rphost, téacsteachtaireacht s.rl.
- Íospairt; lena n-áirítear ráitis an-phearsanta.
- Eisiamh agus leithlisiú.
- Ionsá trí cur isteach ar sheilbh pearsanta.
- Sannadh leantach neamhréasúnta chuig dualgais ar léir nach bhfuil fabhrach.
- Spriocdhátaí nó tascanna neamhréasúnta leantach.
- Bagairtí, lena n-áirítear éileamh ar airgead.
- Ionsaí trí ráflaí a scaipeadh, cúlchaint, claontagairt nó fonóid a dhéanamh do chlú dhuine ar bith

**Comharthaí na Bulaíochta:**

D’fhéadfadh na comharthaí/airíonna seo a leanas a thabhairt le fios go bhfuil dalta thíos le bulaíocht:-

- Imní maidir le taisteal ar agus ón scoil – ag iarraidh ar thuismitheoirí iad a thiomáint nó a bhailiú, dul ar bhealach eile, gnáth amanna taistil chuig agus ón scoil a sheachaint;
- gan a bheith toilteanach dul ar scoil, diúltú dul ar scoil, ‘múitseáil’, ‘maidhtseáil;
- athrú i bhfeidhmíocht acadúil, easpa dírithe, caillteanas díograise agus spéise i gcúrsaí scoile;
- patrún tinnis fhisiceach (m.sh. tinnis chinn, tinnis ghoile);
- athruithe gan mhíniú i giúmar nó iompar; seans go mbeadh sé fíor suntasach díreach roimh filleadh ar scoil tar éis na deireadh seachtaine nó níos suntasaí fós tar éis saoire scoile níos faide;

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

- comharthaí infheicthe d'imní nó anacair – stadaireacht, tarraingt siar, tromluithe, deacracht codlata, caoineadh, gan bheith ag ithe, urlacan, fliuchadh leapa;
- barúlacha uathspreagtha neamhghnách faoi dhaltaí eile nó múinteoirí;
- giuirléidí imithe in easnamh nó damáistithe;
- iarratais bhreise ar airgead nó airgead á ghoid;
- brú craicinn nó gearradh nó éadaí damáistithe gan mhíniú;
- aimhleisceas agus/nó diúltú a rá cad atá ag cur as dó/di.

Ní gá go gciallódh na comharthaí sin go bhfuil dalta thíos le bulaíocht. Má leantar leo nó má fheictear na comharthaí seo le chéile tá fiosrúchán de dhíth le fáil amach cad atá ag cur as don dalta úd.

**Straitéisí i leith Bulaíocht a Chosc**

- Úsáidtear an curaclam OSPS, lena n-áirítear na cláir Fan Slán ar fud na scoile chun tacú leis an mbeartas frithbhulaíochta.
- Cothaítear féinmheas dearfach i measc na ndaltaí trí difríochtaí indibhidiúla a cheiliúradh, trí dea-iompar a aithint agus trí deiseanna ratha a chur ar fáil.
- Cabhraítear le daltaí ionbhá a fhorbairt trí mothúcháin a phlé agus trí iarraidh orthu iad féin a chur in áit duine éigin eile.
- Freagraíonn múinteoirí go híogair do dhaltaí a nochtann teagmhais bhulaíochta.
- Déantar beartas frithbhulaíochta na scoile a phlé go rialta leis na daltaí.
- Manna ag an Tionól i gcónaí ná **Bígí Deas agus Leirigí Meas**
- Bíonn an fhoireann faireach go háirithe ar dhaltaí a mheastar atá i mbaol bulaíochta/atá thíos le bulaíocht.
- Déantar gach teagmhas bulaíochta a nochtar a imscrúdú.
- Tá baill an Bhoird Bainistíochta eolach faoi bheartas na scoile i leith bulaíochta agus déanann siad é a chur chun cinn go gníomhach ar bhonn leantach i measc na foirne, tuismitheoirí agus daltaí.
- Cuireann agus tacaíonn tuismitheoirí le beartas na scoile i leith bulaíochta trí iompar dearfach a spreagadh sa bhaile agus ar scoil araon, trí bheith ag faire amach do chomharthaí go bhfuil a bpáiste thíos le bulaíocht nó ag déanamh bulaíocht ar dhaoine eile, trí ábhair imní a chur in iúl don scoil

**<u>Feasacht ar bhulaíocht mar chineál iompair dho-ghlactha a chothabháil</u>**

- Leagfaidh **Gaelscoil Faithleann** béim ar agus treiseoidh sí an meon nach nglacfar le hiompar bulaíochta trí
- Tionóil scoile a úsáid chun beartas frithbhulaíochta na scoile a chur i gcuimhne do dhaltaí

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

- An curaclam foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon a úsáid le haibhsiú nach nglacfar le bulaíocht... na hamharcealaíona, póstaeir, drámaíocht, rólghlacadh, OSPS, cluichí comhoibríocha
- Cairt frithbhulaíochta na scoile a chumadh le taispeáint sna seomraí ranga agus i láithreacha tábhachtacha eile

**Maoirsiú**

Sa mhéid is infheidhmithe le réasún, déanfar gníomhaíochtaí scoile a mhaoirsiú i gcónaí, le;

- béim ar leith ar na hamanna sin inar dhóchúil go dtarlódh bulaíocht, ar nós tionól, am súgartha agus am dul abhaile.

**Nochtadh:**

- Tabharfar spreagadh do pháistí teagmhais iompair bhulaíochta a nochtadh agus a phlé. Chabhrófar leo idirdhealú a dhéanamh idir theagmhais mhionchúiseacha agus na cásanna sin arb ionann iad agus bulaíocht. Ina theannta sin múinfear dóibh faoin difríocht atá idir 'eachtraíocht' agus cabhair a lorg.

**Gnáthaimh um Dhéileáil le Cásanna Bulaíochta:**

1. Déanfar gach teagmhas bulaíochta a thaifead i gcomhad ranga na dteagmhas a choimeádfar sa scoil.
2. Nuair a tuairiscíonn daltaí teagmhais bhulaíochta déarfar leo go bhfuil siad á iompar iad féin go freagrach.
3. Bainfear úsáid as cur chuige réiteach fadhbanna sochair neodrach le déileáil le bulaíocht.
4. Déileálfaidh an múinteoir ranga le teagmhais bhulaíochta ar dtús. Déanfar teagmhais tromchúiseacha, nó teagmhais ina bhfuil daltaí ó roinnt ranganna bainteach a tharchuir don Phríomhoide.
5. Tar éis fáil amach faoi theagmhas bulaíochta líomhanta, cuirfidh an múinteoir atá ag déileáil leis an tuarascáil agallamh ar an íospartach (na híospartaigh) ar dtús agus pléifidh siad mothúcháin an íospartaigh (na n-íospartach) mar thoradh an iompair bhulaíochta.
6. Ansin tionólfar agallamh le déantóir(í) na coire líomhanta. Más grúpa daltaí atá i gceist sa bhulaíocht, buailfear ar dtús le baill an ghrúpa sin ina n-aonar agus ansin mar ghrúpa. Tar éis tionchar diúltach na bulaíochta ar dhéantóir(í) na coire agus ar an íospartach (na híospartaigh) a phlé, tabharfar freagracht do bhaill uile an ghrúpa an deacracht a réiteach agus bearta cuí a ghlacadh le cinntiú nach dtarlóidh sé arís.
7. Ar dheireadh an réamh-fhiosrúcháin, má tá an múinteoir cinnte dearfach gur tharla bulaíocht, inseofar a leithéid don Phríomhoide agus rachfar i dteagmháil le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) na ndaoine go léir atá bainteach.
8. Ag brath ar thromchúis na bulaíochta bainfear úsáid as cuid d'Idirghabhálacha Tacaíochta Leibhéal 2 nó astu go léir.

9. Leagfar smachtbhannaí má tharlaíonn teagmhais iompair bhulaíochta arís. Beidh a leithéid de smachtbhannaí i gcoibhneas le tromchúis an iompair bhulaíochta.

# FÓGRA NEAMHLÁITHREACHTA PHÁISTE ÓN SCOIL

Tá an scoil faoi iallach dlíthiúil Tusla a chur ar an eolas faoi pháistí atá as láthair ón scoil ar feadh 20 lá nó níos mó i rith na scoilbhliana

Ba cheart do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) cloí leis na gnáthaimh seo a leanas agus neamhláithreacht dhalta á chur in iúl don scoil;

- Ba cheart cúis na neamhláithreachta a chur in iúl don mhúinteoir ranga
- Ba cheart fógra a thabhairt don neamhláithreacht ar an gcóras Aladdin
- Ba cheart sonraí bainteach leis an neamhláithreacht, ar nós fad agus cúis, a sholáthar
- Ba cheart deimhniú a fháil do neamhláithreachtaí suntasacha de bharr drochshláinte (.i. neamhláithreachtaí níos faide ná 10 lá scoile).

***Tabharfaidh an scoil fógra scríofa do Tusla dhá uair i rith na bliana a chuirtear ar fionraí nó ar dhíbirt ar feadh 6 lá nó níos faide, nuair atá 20 lá nó níos mó caillte ag dalta sa scoilbhliain, nuair atá tinreamh neamhrialta agus nuair a bhaintear dalta ón gclár scoile***

# TAIFID

Bainfear úsáid as córas taifid caighdeánaithe le hiompar dhalta aonair a rianú. Beidh na nithe seo a leanas ina leithéid de thaifid;

- Teagmhais mhí-iompair,
- Idirghabhálacha a úsáideadh le hiompar a fheabhsú, lena n-áirítear teagmháil le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) nó tarchuir chuig gníomhaireachtaí eile
- Fianaise d'iompar feabhsaithe
- Aon smachtbhanna a leagadh, agus na cúiseanna leo
  - Inseofar do dhaltaí nuair atá taifead á dhéanamh faoina n-iompar, agus míneofar dóibh na cúiseanna atá leis an taifead úd a choimeád.
  - Coimeádfar gach taifead i gcomhréir leis an tAcht um Chosaint Sonraí 1988 agus an tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003.

# DAINGNIÚ BEARTAIS

Dhaingnigh Bord Bainistíochta de **Ghaelscoil Faithleann** an beartas seo ag an gcruinniú a bhí ar siúl ar;

**Dáta**_____

Sínithe: ______________________________________ (Cathaoirleach,an Bord Bainistíochta)

___________________________________________(Príomhoide na Scoile)

**FAOMHADH AN PHATRÚIN**

Tá an beartas seo faofa ag Oifig Oideachais Naomh Seanán, ag gníomhú thar ceann an Phatrúin Easpag Ray Browne.